


Scríobh do Scrúduimhir anseo



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

BITHEOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.00

- | | |
|----------------|--|
| Róinn A | Freagair cúig cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 20 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo . |
| Róinn B | Freagair dhá cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 30 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo . |
| Róinn C | Freagair ceithre cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 60 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sa fhereagarleabhar . |

Moltar duit gan níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Róinn A agus 30 nóiméad ar Róinn B, sa tstí go mbeidh 120 nóiméad agat do Róinn C.

Ní mór duit an scrúdpháipéar seo a chur ar ais le do fhereagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.

[THALL

Roinn A
Freagair cúig cheist ar bith.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Tabhair sampla de **chúig** cinn dióbh seo a leanas;

(a) Imoibriú catabalach in ainmhí

(b) Imoibriú anabalach i bplanda

(c) Vitimín atá intuaslagtha i saill

(d) Siúcra dí-ocsaídithe


(e) Polaisiúcraíd

(f) Riandúil in aiste bia an duine

2. (a) Céard a chiallaíonn leibhéal trófach san éiceolaíocht?

.....

(b) Déan an phirimid uimhreacha a chomhlánú trí orgánach a ainmniú i ngach cás de A, B, C agus D



A

B.....


C
.....

D.....

- (c) Cén litir a sheasann don táirgeoir sa phirimid?


(d) Déan trácht ar an gcoibhneas idir méid táirgeora aonaraigh agus méid tomháltóra tosaigh aonaraigh sa phirimid.

3. Déan staidéar ar an léaráid de staid sa mhiotóis i gcill dhioplóideach agus ansin freagair na ceisteanna thíos.



- (a) Ainmnigh A, B agus C.
A B C
- (b) Cén staid den mhiotóis a léirítear anseo?
Tabhair cúis le do fhreagra.
- (c) Céard é uimhir dhioplóideach an núcléis seo atá ag gabháil faoin miotóis?
- (d) Luagh ról amháin an struchtúir A.
- (e) Gabhann cuid de na cealla i gcorp an duine faoin méóis. Tabhair feidhm amháin leis an méóis.
.....

4. Léirítear sna graif na hathruithe i leibhéal dhá hormón, A agus B, a bhfuil baint acu le forbairt an inmheitriam, le linn thimthrialla míosta an bhaineannaigh dhaonna.




- (a) Ainmnigh ceann amháin de na hormóin sin.
- (b) Céard a tharlaíonn san ubhagán thart faoi lá 14 den timthriall?
.....
- (c) Chomh maith leis an dá hormón a luadh, tá ról ag hormón eile, ar a dtugtar FSH, sa timthriall.
(i) Cá dtáirgtear FSH?
(ii) Tabhair feidhm amháin atá ag FSH.
- (d) Cé acu graf, A nó B, a léiríonn an hormón a thálann an *corpus luteum* (corp buí)?
- (e) Tarraing líneágraf sa spás os cionn A agus B chun na hathruithe a tharlaíonn i dtíús an inmheitriam, in imeacht an timthrialla, a léiriú.

[THALL

5. (a) Céard a chiallaíonn an gnéasnascadh sa ghéineolaíocht?

- (b) Sa duine daonna, is ailléil ghnéasnasctha chúlaitheach (e) is cúis leis an dathdhaille dhearg-uaithne. Déan na spásanna bána a chomhlánú sa chrosáil seo a leanas.

Tuismitheoirí



X

X X

Gaiméití



X

F1




Feinitíopaí:

Gnéas

Radharc

6. Léirítéar dhá fhoirm d'fhíochán soithíoch planda sna léaráidí, mar a fheictear faoin micreascóp iad.



A



B

- (a) Ainmnigh an fiochán soithíoch seo.

- (b) Sainaithin an dá fhoirm den fhíochán seo.

A B

- (c) Tá ballaí A agus B neartaithe le hábhar crua. Ainmnigh an t-ábhar seo.

- (d) Cén áit, go beacht, a bhfaightear an fiochán seo i ngas planda óig dhéchotaileadónaigh?

.....

- (e) Ainmnigh fiochán soithíoch eile.

Roinn B

Freagair dhá cheist ar bith.

Scriobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Gabhann 6 mharc le cuid (a) agus 24 marc le cuid (b) i ngach ceist sa roinn seo.

7. (a) (i) Céard a chiallaionn einsím?
-
- (ii) Tabhair sampla de phróitén a bhfuil ról **struchtúrtha** aige
- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le fiosrúchán a rinne tú chun tionchar na teochta ar ghníomhaíocht einsíme a dhéanamh amach.
- (i) Ainmnigh an einsím ar bhain tú úsáid as.
- (ii) Ainmnigh substráit na heinsíme.
- (iii) Luaigh toisc amháin a choinnigh tú tairiseach le linn an fhiosraithe.
-
- (iv) Cén chaoi ar choinnigh tú an toisc sin tairiseach?
-
-
-
-
- (v) Cén chaoi ar athraigh tú an teocht?
-
-
-
-
- (vi) Cén chaoi ar thomhais tú ráta gniomhaíochta na heinsíme?
-
-
-
-
-
-
- (vii) Cén toradh a bhí ar d'fhiosrúchán?
-
-
-
-

[THALL

8. (a) (i) Ainmnigh fungas, seachas giosta, a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
.....

(ii) Luaign bealach **amháin** ina bhfuil an fungas atá ainmhithe agat in (i) éagsúil leis an ngiosta.
.....

(b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an bhfiosrúchán a rinne tú ar fhás giosta duille.

(i) B'éigean meán cothaitheach a úsáid. Céard is meán cothaitheach ann?
.....
.....
.....

(ii) Ainmnigh an meán cothaitheach ar bhain tú úsáid as.

(iii) Is cóir go mbeadh an meán cothaitheach steiriúil. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
.....
.....

(iv) Déan cur síos, i bhfocail agus/nó le léaráid(i), ar conas mar a thug tú faoin bhfiosrúchán.
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

(v) Cén toradh a bhí ar d'fhiosrúchán?

9. (a) Luaih ról beacht atá ag gach aon cheann díobh seo a leanas san fhótaisintéis.
- (i) Dé-ocsáid carbóin
-
-
- (ii) Uisce
-
-
- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le gníomhaíocht a rinne tú chun iniúchadh a dhéanamh ar thionchar an tsolais nó na dé-ocsáide carbóin ar ráta na fótaisintéise.
- (i) Ainmnigh an planda ar bhain tú úsáid as.
-
-
- (ii) Conas a d'athraigh tú déine an tsolais NÓ tiúchan na dé-ocsáide carbóin?
-
-
-
- (iii) Luaih toisc a choinnigh tú tairiseach le linn an fhiosrúcháin.
-
-
- (iv) Conas a chinntigh tú gur fhan an toisc atá luaite agat in (iii) tairiseach?
-
-
-
- (v) Conas a thomhais tú ráta na fótaisintéise?.....
-
-
-
- (vi) Tarraing graf, agus úsáid á baint agat as aiseanna lipéadaithe, lena thaispeáint conas a d'athraigh an ráta fótaisintéise i dtaca leis an toisc a luaih tú in (ii) thusa.

[THALL

Roinn C
Freagair ceithre cheist ar bith.
Scriobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar.

- 10.** (a) (i) Tá an móilín DNA comhdhéanta de dhá dhual a choimeádtar le chéile le péirí de bhunanna.
 1. Cé acu bun ar féidir leis nascadh leis an tímín amháin?
 2. Cé acu bun ar féidir leis nascadh leis an gciotóisín amháin?
 (ii) Ainmnigh an cineál nasctha a tharlaíonn idir bhaill de phéire bun? (9)
- (b) (i) Mínigh céard is ciall leis an téarma próifiliú DNA.
 (ii) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna atá i gceist i bpróifiliú DNA.
 (iii) Tabhair **dhá** feidhm a bhaintear as próifiliú DNA.
 (iv) Céard is scagadh géiniteach ann? (27)
- (c) “Tá an méid céanna DNA i láthair i núicléis cealla a thógtar as an ae, as an gcroí, as an bpaincréas agus as matán francaigh.”
 (i) Bain úsáid as do chuid eolais ar an DNA agus ar an miotóis chun an ráiteas sin a mhíniú.
 (ii) Ainmnigh cill a tháirgeann an francach a mbeidh méid an DNA ina núicléas éagsúil leo sin a luaitear thusa.
 (iii) Déan cur síos achomair ar conas a d'aonraigh tú DNA ó fhíochán planda. (24)
- 11.** (a) (i) Céard dó a seasann an giorrúchán ATP?
 (ii) Céard é ról ATP i gcealla? (9)
- (b) (i) Cén t-ainm a thugtar ar chéadchéim na riospráide?
 (ii) Cén áit sa chill a dtarlaíonn an chéad chéim seo?
 (iii) Cén tsubstaint ina dtiontaítear glúcós, de ghnáth, sa chéad chéim seo den riospráid?
 (iv) An dteastaíonn ocsaigin don tontú seo?
 (v) Ainmnigh comhdhúil inar féidir an tsubstaint a d'ainmnigh tú in (iii) a thiontú nuair a bhíonn an ocsaigin in easnamh.
 (vi) Le linn na riospráide aerobaí, gluaiseann táirge na chéad chéime chuig an miteacoindre.
 Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí ina dhiagh sin agus an táirge sin á bhriseadh síos go hiomlán. (27)
- (c) Is féidir einsími a theanntú (a dhíluailiú) agus úsáid a bhaint astu sa bhithphróiseáil.
 (i) Céard a chiallaíonn teamntú (díluailiú)?
 (ii) Ainmnigh substaint a úsáidtear chun einsími a theanntú (a dhíluailiú).
 (iii) Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid einsími teanntaithe (díluailithe).
 (iv) Luaigh feidhm **amháin** atá ag einsími theanntaithe (dhíluailithe) ainmnithe. Déan tagairt do shubstráit, d'einsími agus do tháirge i do fhreagra. (24)
- 12.** (a) Mínigh na téarmaí seo a úsáidtear san éiceolaíocht: nideog, toisc eidifeach, siombóis. (9)
- (b) (i) Cén fheidhm atá ag an timthriall nítrigine?
 (ii) Céard a chiallaíonn fosúchán nítrigine?
 (iii) Céard a chiallaíonn nítriúchán?
 (iv) Déan cur síos, agus focail nó léaráidí lipéadaithe á n-úsáid agat, ar imeachtaí an timthrialla nítrigine. (27)
- (c) (i) Cén téarma a mbaineann éiceolaithe úsáid as chun cur síos ar ainmhí a mharaíonn agus a itheann ainmhithe eile?
 (ii) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos ar an ainmhí a mharaítear agus a itear?
 (iii) Má laghdaítear pobal na n-ainmhithe a luaitear in (ii), luaigh **dhá** iarmhaint a d'fhéadfadh a bheith ann do na hainmhithe a luaitear in (i).
 (iv) Tabhair **ceithre** thoisci a bhfuil tionchar acu ar mhéid an phobail dhaonna. (24)

- 13.** (a) (i) Ainmnigh an fuileadán a thugann an fhuil ar ais chuig an gcroí ó na scamhóga.
 (ii) Ainmnigh an príomhghás a iompraítear san fhuileadán atá ainmnithe agat in (i).
 Conas a iompraítear an gás seo? (9)
- (b) (i) Tarraing léaráid mhór de chóras analaithe an duine. Cuir lipéad ar an traicé, ar an mbroncas agus ar an scamhóg.
 (ii) Luaigh an fheidhm atá acu seo a leanas: eipeaglotas, laraing.
 (iii) Déan cur síos go hachomair ar ról na scairte agus na matán idireasnach san ionanálú.
 Déan tagairt don toirt thóracsach agus don aerbhrú tóracsach. (27)
- (c) (i) Luaigh **trí** bhealach ina bhfuil ailbheolas oiriúnaithe do mhalartú éifeachtach gáis.
 (ii) Ainmnigh an próiseas atá bainteach le gluaiseacht gáis idir an t-ailbheolas agus an fhuil.
 (iii) Ainmnigh neamhord analaithe.
 (iv) I gcás an neamhord analaithe atá luaite agat in (iii) luaigh:
 1. cúis,
 2. modh coiscthe,
 3. cóireáil. (24)
- 14.** Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b) agus (c). (30, 30)
- (a) (i) Cén struchtúr sa chairpéal a bhforbraíonn an síol as?
 (ii) Luaigh **dhá** shuíomh sa síol ar féidir bia a stóráil iontu.
 (iii) Tá codanna éagsúla sa phlanda suthach taobh istigh den síol. Luaigh **dhá** cheann de na codanna sin, seachas taiscí bia, agus tabhair ról do gach ceann ar leith díobh.
 (iv) Tar éis a scaipthe, gabhann an síol faoi thréimhse shuanachta. Céard is suanacht ann?
 (v) Mol **dhá** bhuntáiste leis an tsuanacht.
- (b) (i) Déan trácht ar an deacracht a bhaineann le víris a rangú mar orgánaigh bheo.
 (ii) Céard iad an dá phríomh-chomhábhar bhithcheimiceacha de cháithnín víreasach?
 (iii) Ainmnigh **dhá** ghalar ar víris is cúis leo.
 (iv) Tabhair sampla d'fheidhm thairbheach atá ag víreas.
 (v) Céard is antaibheatheach ann?
 (vi) Níor cheart antaibheatheal a ordú do dhuine a tholgann infhabhtú víreasach.
 Mol cúis leis sin.
- (c) (i) Céard a chialláonn an téarma imdhíonacht?
 (ii) Déan cur síos go hachomair ar ról limficítí B i gcóras imdhíonachta an duine.
 (iii) Déan idirdhealú idir imdhíonacht ghníomhach agus imdhíonacht fhulangach.
 (iv) “Bíonn imdhíonacht ghníomhach mar thoradh ar an vacsaíniú.” Mínigh an ráiteas sin.
 (v) I gcásanna áirithe tugtar antasubstaint do dhuine in áit vaicsín a thabhairt dó.
 1. An sampla é sin d’imdhíonacht ghníomhach nó d’imdhíonacht fhulangach?
 2. Céard iad na cúinsí ina dtabharfaí antasubstaint in áit vaicsíne?
 3. Déan trácht ar fad na himdhíonachta a leanann dáileadh antasubstainte.

15. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b) agus (c).

(30, 30)

- (a) (i) Tarraing léaráid mhionsonraithe de chóras atáirgthe an fhireannaigh dhaonna. Cuir lipéid ar na codanna seo a leanas ar do léaráid: uirí, saicín seamhain, úiréadra, ducht speirme (vas deferens), eipididimis, faireog phróstatach.
- (ii) Cuir X ar an léaráid san áit a dtarlaíonn méóis.
- (iii) Cuir Y ar an léaráid san áit a stóráltear speirm.
- (iv)Luaigh **dhá** feidhm atá ag an téististéarón.
- (v) Tabhair cúis le neamhthorthúlacht san fhear agus mol beart chun é a chur ina cheart.
- (b) (i) Seachas tál hormón, cén difear atá idir faireog inchríneach agus faireog eischríneach?
- (ii) Luaigh **dhá** bhealach ina bhfuil gníomhú hormóin éagsúil le gníomhú néaróin.
- (iii) Déan cóip den tábla seo a leanas i do fhreagarleabhar agus comhlánaigh gach ceann de na boscaí folmha.

Faireog Inchríneach	Suíomh	Hormón	Ról an Hormóin
	Paincréas	Insulin	
Faireog Thíoróideach			
			“troid nó teitheadh”

- (iv) I gcás hormóin **ainmnithe** luaigh:
1. siomtóm easpa,
 2. beart ceartaithe.
- (c) (i) Céard is hóiméastáis ann? Déan nóta de chúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach i gcorp an duine.
- (ii) Tarraing léaráid de ghearradh trí chraiceann an duine chun **dhá** struchtúr atá bainteach le rialú teochta a thaispeáint. Cuir lipéad ar gach ceann de na struchtúir sin.
- (iii) Maidir le ceann amháin de na struchtúir atá lipéadaithe agat sa léaráid, déan cur síos go hachomair ar a ról i rialú teochta.
- (iv) Céard a chiallaíonn eisiteirmeach?

Leathanach Bán

Leathanach Bán